



Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird Pleanála

16ú Lúnasa 2022

Tá ráiteas an Aire tráthnóna inné (15 Lúnasa) tugtha dá aire ag Cathaoirleach an Bhoird Pleanála, Dave Walsh, maidir le cinneadh an Aire an tuarascáil a d'ullmhaigh an tAbhcóide Sinsearach, Remy Farrell, maidir le roinnt saincheistanna a bhaineann leis an Iar-Leas-Chathaoirleach, an tUasal Paul Hyde, a chur faoi bhráid Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, Choimisinéir an Gharda Síochána agus an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Tá an Cathaoirleach agus an Bord tiomanta do chomhoibriú go hiomlán leis na comhlachtaí poiblí seo chun a chinneadh an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ag éirí as torthaí na tuarascála. Go dtí go gcríochnófar an measúnú seo a bhféadfadh imeachtaí dlí a bheith mar thoradh air, ní bheadh sé cuí aon trácht eile a dhéanamh ar an ábhar seo.

Dheimhnigh an Cathaoirleach go bhfuil an Bord i mbun a athbhreithniú inmheánach féin a thabhairt chun críche ar shaincheistanna agus líomhaintí áirithe a ardaíodh leis agus go mbeidh tuarascáil á cur ar fáil aige don Aire go luath ar anailís agus ar thorthaí an athbhreithnithe seo, chomh maith le heolas ar aon bhearta a bheidh le déanamh, lena n-áirítear go háirithe bearta chun éifeachtacht rialuithe, prótacail, nósanna imeachta agus córais reatha an Bhoird a neartú chun coinbhleachtaí leasa féideartha a bhainistiú.

D'aithin an tUasal Walsh freisin na céimeanna eatramhacha atá glactha ag an mBord cheana féin, inter alia, chun na nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana féin maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha a aithint agus a dhoiciméadú ar bhealach níos trédhearcaí. Déanfar na hathchóirithe eatramhacha seo a mheas agus a léiriú in athbhreithniú leanúnach an Bhoird ar a Chód Iompair. Ina theannta sin, déanfar breithniú iomlán ar aon ábhair nó moltaí a eascraíonn as athbhreithniú fócasaithe Oifig an Rialóra Pleanála ar chórais agus próisis an Bhoird Pleanála, athbhreithniú a fógraíodh le déanaí, a mheastar a thabharfar chun críche roimh dheireadh na bliana, agus breithneofar iad agus féachfar lena réiteach i gcomhthéacs ár gcórais, ár nósanna imeachta agus ár rialuithe a neartú tuilleadh.

D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh thiomantas an Aire díriú ar na dúshlán ghéar acmhainní atá roimh an mBord a réiteach agus aithníonn sé na tacaíochtaí a

cuireadh ar fáil go dtí seo maidir le poist a cheadú faoin bPlean Fórsa Oibre 2021-2022 reatha agus le linn breithniú a dhéanamh ar na hacmhainní breise agus ar an saineolas a d'aithin an Bord a chabhródh leis bainistiú a dhéanamh ar an ualach mór cásanna atá taiscthe faoi láthair leis an mBord Pleanála agus ar mhéid agus ar chastacht ionchasach na n-iarratas agus na n-achomharc sna míonna agus sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear maidir leis na feidhmeanna nua um thoilíú muirí.

Ar deireadh, thug an Cathaoirleach faoi deara agus d'fhormhuinigh sé forbairt na moltaí reachtacha chun an próiseas ceapacháin do chomhaltaí an Bhoird a leasú agus a nuashonrú. Cabhróidh sé chun próiseas ceapacháin éifeachtúil agus tráthúil a chinntiú agus treiseoidh sé ár gcumas an obair shubstaintiúil atá os comhair an Bhoird a bhainistiú iarrthóirí oiriúnacha a earcú go hoscailte trédhearcach, iarrthóirí ar féidir leo cur le raon leathan saineolais an Bhoird agus le peirspictíochtaí ar fud na sochaí.

Críoch